North South Ministerial Council
Joint Secretariat

An Chomhairle Aireachta
Thuaidh Theas
An Chomhrúnaíocht

# PÁIPÉAR CATT TEANG 3 (14) CR

# AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS

# CRUINNIÚ - AN FORAS TEANGA

# CAISLEÁN STORMONT

# AN 18 NOLLAIG 2014

# COMHRÁITEAS

1. Tionóladh an tríú cruinniú is fiche d'Fhoras Teanga na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas i gCaisleán Stormont ar an 18 Nollaig 2014. D'fhreastail Carál Ní Chuilín MLA, an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, Seán Sherlock TD, an tAire Stáit le freagracht speisialta air maidir le COF, Cur Chun Cinn Trádála agus Comhoibriú Thuaidh Theas, agus Simon Hamilton MLA, an tAire Airgeadais agus Pearsanra, ar an gcruinniú. Rinne an tAire Ní Chuilín cathaoirleacht ar an gcruinniú.

## PLEANANNA GNÓ AGUS BUISÉID AN FHORAIS TEANGA DO 2014 AGUS 2015, AGUS PLEANANNA CORPARÁIDEACHA 2014-2016

2. Nótáil na hAirí go bhfuil na coigiltis éifeachtachta curtha i bhfeidhm ag Foras na Gaeilge agus ag Gníomhaireacht na hUltaise, mar chomhghníomhaireachtaí an Fhorais Teanga, ar na Pleananna Corparáideacha 2014-2016 agus ar na Pleananna Gnó agus na Buiséid do 2014 agus 2015 de réir na treorach eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Airgeadais agus Pearsanra.

3. Cheadaigh na hAirí:

- na Pleananna Gnó 2014 d'Fhoras na Gaeilge agus do Ghníomhaireacht na hUltaise agus mhol siad soláthar buiséid do 2014 de €15,358,645 (£13,208,435) d'Fhoras na Gaeilge agus £2,475,734 (€2,878,761) do Ghníomhaireacht na hUltaise;

- na Pleananna Gnó 2015 d'Fhoras na Gaeilge agus do Ghníomhaireacht na hUltaise agus mhol siad soláthar buiséid/deontais de €15,193,498 (£12,306,734) d'Fhoras na Gaeilge agus £2,449,114 (€3,023,597) do Ghníomhaireacht na hUltaise; agus

- na Pleananna Corparáideacha 2014-2016 d'Fhoras na Gaeilge agus do Ghníomhaireacht na hUltaise agus mhol siad soláthar buiséid/deontais táscach de €14,532,911 (£11,771,658) d'Fhoras na Gaeilge agus £2,342,630 (€2,892,136) do Ghníomhaireacht na hUltaise do 2016, a bheidh faoi réir bhreithnithe buiséid sa dá dhlínse.

**ÁBHAIR EILE**

**BUISÉID AGUS PLEANANNA GNÓ 2014 & 2015 AGUS PLEANANNA CORPARÁIDEACHA 2014-2016 UISCEBHEALAÍ ÉIREANN**

4. Nótáil na hAirí go bhfuil na coigiltis éifeachtachta curtha i bhfeidhm ag Uiscebhealaí Éireann ar an bPlean Corparáideach 2014-2016 agus ar na Pleananna Gnó agus na Buiséid do 2014 agus 2015 de réir na treorach eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Airgeadais agus Pearsanra.

5. Cheadaigh na hAirí:

- Plean Gnó 2014 Uiscebhealaí Éireann agus mhol siad soláthar Buiséid de €28.04m (£24.11m) do 2014;

- Plean Gnó 2015 Uiscebhealaí Éireann agus mhol siad soláthar Buiséid/Deontais de €27.12m (£21.96m); agus

- Plean Corparáideach 2014-2016 Uiscebhealaí Éireann agus nótáil siad an dréacht-sholáthar buiséid/deontais táscach de €25.94m (£22.31m) do 2016 a bheidh faoi réir bhreithnithe buiséid sa dá dhlínse.

**PLEAN GNÓ AGUS BUISÉAD 2015 AN SEUPB**

6. Nótáil na hAirí gurb iad seo a leanas na príomhthosaíochtaí don Fhoras um Chláir Speisialta an AE (SEUPB) sa bhliain 2015:

- na Cláir PEACE III and INTERREG IVA 2007-13 a bhainistiú agus a sholáthar lena chinntiú go mbainfear amach gach sprioc d'fhonn fáltais an AE a uasmhéadú;

- na Cláir Chomhoibrithe PEACE IV agus INTERREG VA a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;

- cinntiú go gcuirfear seirbhísí an SEUPB ar fáil go héifeachtach agus go héifeachtúil; agus

- tacú le rannpháirtíocht Thuaidh Theas sna cláir Trasnáisiúnta agus Idir-réigiúnacha AE chun rannpháirtíocht Thuaidh/Theas a uasmhéadú.

7. Nótáil siad freisin go bhfuil na coigiltis éifeachtachta riachtanacha curtha i bhfeidhm ag an SEUPB ar bhuiséad 2015 de réir na treorach comhaontaithe eisithe ag an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

8. Ag nótáil dóibh go bhfuil Airí Airgeadais agus Airí na Ranna Urraíochta tar éis an Plean Gnó agus an Buiséad/Deontas a cheadú, cheadaigh an CATT Plean Gnó 2015 an SEUPB agus mhol siad soláthar buiséid/deontais 2015 de:

   - Costais Riaracháin: £1.887m (€2.330m)
   - Caiteachas Cláir AE: £90.220m (€111.383m).

**PLEAN GNÓ AGUS BUISÉAD 2015 AN BHOIRD UM CHUR CHUN CINN NA SÁBHÁILTEACHTA BIA (SAFEFOOD)**

9. Nótáil na hAirí go bhfuil na coigiltis éifeachtachta riachtanacha curtha i bhfeidhm ag Safefood ar bhuiséad 2015 de réir na treorach comhaontaithe eisithe ag an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

10. Ag nótáil dóibh go bhfuil Airí Airgeadais agus Airí na Ranna Urraíochta tar éis an Plean Gnó agus an Buiséad/Deontas a cheadú, cheadaigh an CATT Plean Gnó 2015 Safefood agus mhol siad soláthar buiséid/deontais 2015 de €7.820m (£6.334m).

**CATHAOIRLEACH A CHEAPADH AR BHORD COMHAIRLEACH AN BHOIRD UM CHUR CHUN CINN NA SÁBHÁILTEACHTA BIA (SAFEFOOD)**

11. Cheadaigh na hAirí ceapachán an Uasail Paul Gibbons mar Chathaoirleach ar Bhord Comhairleach an Bhoird um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia ón 12 Nollaig 2014 go dtí an 12 Nollaig 2015.

**AN CHÉAD CHRUINNIÚ EILE**

12. D'aontaigh an Chomhairle go dtionólfar an chéad chruinniú eile den Fhoras Teanga in Earrach 2015.

**An Chomhrúnaíocht**
**18 Nollaig 2014**
**www.northsouthministerialcouncil.org**